

Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga atá Dall/ar a bhfuil Lagú Radhairc

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí is do dhaoine óga atá dall nó ar a bhfuil lagú radhairc agus dá muintir.



Cad is brí le Lagú Radhairc?

Leanaí ar a bhfuil lagú radhairc, bíonn leibhéil éagsúla díth radhairc orthu ag brath ar an gcineál agus ar a thionchar siúd ar an radharc. Is féidir lagú radhairc a chur i dtrí chatagóir mar a leanas: páirtradharc, lagradharc nó dall. Bíonn fadhbanna ag leanaí áirithe maidir leis an radharc lárnach, le radharc forimeallach (mar a bheidís ag féachaint isteach i bpíobán), cuirtear smál ar gach rud, bíonn radharc ceart ar an ngiorracht ach lagradharc ar an bhfad. Bíonn go leor radhairc chun léamh ag cuid eile ach deacrachtaí acu le tascanna eile. Is beag leanbh in Éirinn atá go hiomlán dall.

Cé go saolaítear leanaí áirithe agus lagradharc orthu, buaileann sé cuid eile acu uair éigin tar éis na breithe. Tharlódh sé de dheasca timpiste nó galar éigin leanaí (m.sh. meiningíteas, an bhruitíneach).

An Luath-Óige

De ghnáth aithnítear lagradharc ar leanbh nó ar pháiste óg trí sheiceáil a dhéanann an banaltra sláinte phoiblí san ionad sláinte áitiúil ar gach leanbh in Éirinn agus iad 9 mí, 18 mí agus dhá bhliain d'aois nó trí scrúdú radhairc ar scoil. Má tá aon imní ort faoi radharc an linbh ba chóir é sin a chur in iúl láithreach bonn don bhanaltra sláinte phoiblí nó don dochtúir teaghlaigh.

Measúnú Riachtanais

Faoin Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon linbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. An measúnú déanta, gheobhaidh siad Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh, más ann dóibh, agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Má bhíonn gá lena leithéid, ullmhófar ráiteas seirbhísí a shonraíonn na seirbhísí sláinte a chaithfear a sholáthar agus míneofar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

Tacaíocht a fháil

Más léir duit go bhfuil lagradharc ar an leanbh ba chóir an tacaíocht chuí a lorg láithreach bonn. Beidh teacht agat ar bhanaltra sláinte poiblí, dochtúir teaghlaigh, seirbhísí speisialtacha mar oftailmeolaí (speisialtóir) agus optaiméadraí (radharceolaí), Comhairle Dall na hÉireann (NCBI) agus ar

sheirbhísí eile do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagradharc, an múinteoir cuairte áitiúil, tuismitheoirí/caomhnóirí eile ag a bhfuil an scéal céanna agus ar do mhuintir is do chairde.

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

Cé go bhféadfadh lagradharc a bheith ar do leanbh, tá sé ríthábhachtach a thuiscint go n-éiríonn le han-chuid leanaí a bhfuil an radharc de dhíth orthu a saol a chaitheamh go sásta agus an mianach atá iontu a bhaint amach. Tugtar tacaíocht ar scoil dóibh agus is mó duine a bhaineann torthaí maithe amach agus iad ag dul ar aghaidh chun tabhairt faoi bhreiseoideachas nó ardoideachas.

Is é an rud is fearr ar fad a dhéanfá, mar thuismitheoir, ná neamhspleáchas a chothú sa leanbh chomh fada agus is féidir agus é/í fós an-óg. Ba chóir cabhrú leis an leanbh chun an timpeallacht a chuardach, gnáthfuaimeanna an tsaol a chloisint agus a thuiscint, scileanna treo-aimsithe agus teanga a fhorbairt, páirt a ghlacadh i spóirt a chuireann le cumas gluaiseachta, eolas a chur ar chruth, méid is ar chomhdhéanamh, áiseanna lagradhairc a úsáid chomh maith leis an dteicneolaíocht ar ball. Tá sé tábhachtach neamhspleáchas do linbh a chur chun cinn mar seo agus is mór an chabhair dó é níos déanaí, sa réamhscoil agus sa scoil.

Seirbhísí sláinte agus eile atá ar fáil don leanbh

Má aithnítear fadhbanna radhairc seoltar an leanbh ar aghaidh chuig speisialtóir cuí, oftailmeolaí de ghnáth, a dhéanfaidh measúnú agus a thabharfaidh cóireáil. Má bhíonn radharc an linbh faoi bhun leibhéal áirithe, seolfaidh an t-oftailmeolaí tú chuig Comhairle Dall na hÉireann (NCBI) agus beidh an tuairisc agat atá riachtanach chun clárú lena seirbhísí siúd. Más gá, seolfar an leanbh chuig péidiatraí forbartha a dhéanfaidh measúnú ar an bhforbairt ghinearálta.

Ach an clárú le Comhairle Dall na hÉireann a bheith déanta, beidh oibrí sóisialta chugat chun eolas a thabhairt faoi incháilitheacht maidir le seirbhísí agus liúntais don leanbh. Ar seirbhísí Chomhairle Dall na hÉireann do dhaoine ar a bhfuil lagradharc tá:

- Ionad Luath-Fhoghlama
- Seirbhís Leabharlainne
- Oiliúint sa teicneolaíocht

- Seirbhís lagradhairc
- Oiliúint sa ghluaiseacht agus treo-aimsiú
- Seirbhís phroifisiúnta chomhairleoireachta

Oideachas do Linbh

Luath-Idirghabháil

Chun go rachaidh siad chun cinn tá sé ríthábhachtach tacú le leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc chomh luath agus is féidir. Féadfar tacú leo sa bhforbairt ginearálta maidir le teacht ar eolas agus le neamhspleáchas. Ar an gcuma sin cabhrófar leo chun coincheapa agus scileanna maithe litearthachta is uimhearthachta a fhorbairt agus iad ag éirí aníos.

I mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh tá ChildVision, seirbhís mheasúnaithe agus réamhscolaíochta do leanaí faoi bhun cúig bliana d’aois ar a bhfuil lagradharc. Maoiníonn an Stát (Sceim ECCE) réamhscolaíocht saor in aisce do gach leanbh incháilithe sa bhliain roimh dhul ar an mbunscoil dóibh. Tá tuilleadh eolais ar www.dcy.gov.ie.

Seirbhís Múinteoirí Cuairte

Tacaíonn múinteoirí cuairte le leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc agus lena muintir ó aithnítear an fhadhb ar dtús. Féadfar tosú go luath tar éis na breithe. Tacaítear le tuismitheoirí, cuirtear comhairle orthu agus déantar teagasc sa bhaile mas gá. Bíonn siad i dteagmháil le múinteoirí ar scoil, cuireann siad comhairle speisialtachta orthu faoi theagasc an linbh a bhfuil an lagradharc air agus tugtar treoir um theicneolaíocht chabhrach. Múintear úsáid Braille agus tacaítear le húsáid fearais Braille ag múinteoirí. Féadfaidh múinteoirí cuairte leanaí a sheoladh chun measúnú um áiseanna lagradhairc agus ansin tugann siad an oiliúint chuig doibh san úsáid. Féadfar freisin leanaí a sheoladh chuig oiliúint bhreise ghluaiseachta más gá. Tá sé mar aidhm ag an múinteoir cuairte tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an leanbh agus leis an scoil. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn an linbh sa naíonra agus ar scoil. Bíonn gach múinteoir cuairte freagrach as aon réigiún amháin.

Seolfar an leanbh chuig an tSeirbhís Múinteoirí Cuairte (VTS) má aithnítear lagradharc tromchúiseach a chuireann isteach go mór ar an gcumas radhairc agus muna gceartaítear na fadhbanna go sásúil nuair a chaitear spéaclaí agus/ nó lionsaí tadhaill. Féadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí, seirbhísí oftailmeolaíochta

FSS, scoil, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) nó Comhairle Dall na hÉireann leanbh a sheoladh chuig an VTS.

Dul ar scoil

Téann formhór na leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc chuig bunscoil agus iarbhunscoil áitiúil i dteannta cách agus an curaclam céanna ar siúl acu. Téann líon beag ag a bhfuil riachtanais áirithe eile chuig scoil nó rang speisialta a dhéanann cúram de riachtanais oideachais speisialta. Tá scoil amháin speisialta ann, ChildVision, i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath do dhaltaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc.

Tá acmhainní speisialta ag iarbhunscoil ar an gcampas céanna chun oideachas iomlán cuimsitheach a sholáthar do dhaltaí in aois iarbhunscoile atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc. Tá rang speisialta ansiúd freisin dóibh siúd atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc agus ag a bhfuil gá le socrúchán speisialta. Maidir le scoileanna agus le ranganna speisialta is ranganna beaga a bhíonn iontu.

Beidh an muinteoir cuairte agus an t-eagraí riachtanais speisialta oideachais (SENO) in ann comhairle a chur ort faoi shocrúcháin naíonra agus scoile. Tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil don leanbh ar scoil:

- Tacaíonn an muinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais speisialta oideachais agus féadfar ceachtanna nó saothar a oiriúnú don dalta más gá.
- Tugann muinteoir acmhainne nó tacaíocht fhoghlama breis ceachtanna más gá.
- I gcás daltaí a mbíonn cúram suntasach ag teastáil uathu mar gheall ar dhíth radhairc, féadfaidh cúntóir um riachtanais speisialta (SNA) tacú leo. Bíonn an SNA freagrach as an gcúram agus an muinteoir freagrach as an dteagasc. Tá míniú ar na cúinsí um dháileadh SNA do dhaltaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc i gCiorclán 0030/2014, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS: www.education.ie.
- Teicneolaíocht Chabhrach (de réir na gcritéar i gCiorclán ROS 0010/2013), mar shampla, Fearais/Méarchlár Braille, fearais CCTV maraon le ceamara fadradharcach, ríomhaire chun cur le léamh téacs, leabharlann ar líne agus fearais éisteachta i gcomhair chlosleabhar.
- Leabhair i gcló mór (ón Ionad Náisiúnta Táirgeadh Braille) nó leabhair digiteacha, ag brath ar riachtanais an linbh.

- B'fhéidir go gcuirfear socrúithe speisialta iompair scoile ar fáil do leanaí incháilithe. Tá an t-eolas cuí ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS ag: www.education.ie.
- Iarrthóirí a mbíonn dálaí ar bhonn buan nó fadtéarmach acu, deacrachtaí radhairc agus éisteachta san áireamh, a chuirfeadh isteach go mór dar leo ar a gcuid oibre sna scrúdaithe, féadfaidh siad iarratas a sheoladh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar áiseanna don scrúdú i bhfoirm socrú(uithe) réasúnta (RACE).

Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENs)

Cuireann SENO seirbhís ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanaí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadaíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta. Lena chois sin bíonn na SENO ag tacú le thuismitheoirí/caomhnóirí agus cuireann siad comhairle orthu.

Féadfaidh an SENO cabhrú leat mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúcháin oiriúnacha scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí

I bpolasaí na Roinne díritear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

Eolas Breise

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí tuilleadh eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***
- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag www.ncse.ie.

Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

Gheofar sonraí teagmhála don **mhúinteoir cuairte áitiúil** ag: www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Visiting-Teacher-Service/.

An tIonad Sláinte Áitiúil: www.hse.ie.

D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí eile agus gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín Faisnéis do Shaoránaigh ag: www.citizensinformation.ie/ nó ó na Ranna Stáit cuí.

Eagraíochtaí eile tacaíochta

ChildVision – National Education Centre for Blind Children: www.childvision.ie.

Deafblind Ireland: www.deafblindireland.ie.

Féach: www.feach.ie (Grúpa tacaíochta do thuismitheoirí leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc).

Fight for Sight: www.fightforsight.ie.

Irish Guide Dogs for the Blind: www.guidedogs.ie.

National Braille Production Centre: www.braille.ie.

An tIonad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas: www.ncte.ie.

National Council for the Blind of Ireland: www.ncbi.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil): www.npc.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil): www.npcpp.ie.

Tabhair faoi deara le d'athair gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.

Teil: 046 948 6400

Líon: www.ncse.ie

R-phost: info@ncse.ie